Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2026
(OR. en)

15334/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0335(NLE)

MAR 192
OMI 80
ENV 1356
CLIMA 612

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta sa 85ú seisiún agus sa dara seisiún urghnách atosaithe, agus ag an 23ú cruinniú de Mheitheal Idirsheisiúnachum Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú (ISWG-GHG) de chuid CCCM a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh
sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM)
de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta
sa 85ú seisiún agus sa dara seisiún urghnách atosaithe ,
agus ag an 23ú cruinniú de Mheitheal Idirsheisiúnach
um Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú (ISWG-GHG) de chuid CCCM
a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta
um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) agus Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart é a bheith mar aidhm le gníomhaíocht an Aontais san earnáil muiriompair an tsábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint.

(2) Beidh an 85ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM 85) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (EMI) ar siúl ón 30 Samhain go dtí an 3 Nollaig 2026, agus beidh an 23ú cruinniú den Mheitheal Idirsheisiúnach um Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú (ISWG-GHG 23) ann roimhe sin.

(3) Ag an dara seisiún urghnách den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM/ES.2), a bhí ar siúl idir an 14 agus an 17 Deireadh Fómhair 2025, bhí coinne leis go nglacfadh sé Creat Glan-nialasachta EMI i bhfoirm leasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL). Mar sin féin, cuireadh glacadh na leasuithe sin ar athló. Tá coinne leis go mbreithneoidh CCCM 85 CCCM/ES.2 a atosú an 4 Nollaig 2026 nó go gcinnfidh CCCM 85 CCCM/ES.2 a chur ar athló go dtí tráth níos déanaí.

(4) Mar ullmhúchán do CCCM/ES.2, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/2093[1]. Luaitear sa Chinneadh sin gur cheart don Aontas tacú le tabhairt isteach chaibidil 5 nua d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le Creat Glan-nialasachta EMI, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le doiciméad EMI CCCM/ES.2/2. Leasaítear Cinneadh (AE) 2025/2093 leis an gCinneadh seo trí threoraíocht a thabhairt maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag CCCM 85, ag CCCM/ES.2 agus ag ISWG-GHG 23, i bhfianaise an phlé leanúnaigh a bhféadfaí na dréachtleasuithe a fhorbairt a thuilleadh lena linn sula nglacfar go foirmiúil iad.

(5) Lean CCCM 84, a bhí ar siúl idir an 27 Aibreán agus an 1 Bealtaine 2026, de phlé agus de chaibidlíocht a dhéanamh maidir le hábhar na ndréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL. Díríodh sa phlé ar chonas aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní agus ar na saincheisteanna atá fós ann maidir le dréacht-Chreat Glan-nialasachta EMI agus ar an mbealach is fearr chun cinn chun a áirithiú go ndéanfar dul chun cinn coincréiteach maidir le haghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, d'fhonn bearta lár téarma EMI a ghlacadh gan a thuilleadh moille.

[1] Cinneadh (AE) 2025/2093 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ag an dara seisiún urghnách maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) (IO L, 2025/2093, 16.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2093/oj).

(6) Mar ullmhúchán do CCCM 84, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2026/1067[2], ina luaitear gurbh é seasamh an Aontais ag CCCM 84, bunaithe ar roinnt prionsabal agus treoshuíomhanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis, tacú le tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar bhearta lena n-éascaítear cothú comhdhearcaidh agus atá i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i Straitéis 2023 EMI maidir le hAstaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú (Straitéis GCT 2023 EMI), agus tacú le glacadh na mbeart sin, agus ról criticiúil na loingseoireachta idirnáisiúnta i bhforbairt na trádála domhanda agus seirbhísí muiriompair, le tacaíocht ó bhreoslaí inrochtana atá ar fáil chun suaitheadh a chosc, á chur san áireamh.

(7) Chomhaontaigh CCCM 84 na téarmaí tagartha do ISWG-GHG 23 agus thug sé treoir don mheitheal, agus doiciméid a cuireadh faoi bhráid CCCM 84 agus 85 agus faoi bhráid sheisiúin ISWG-GHG roimhe seo, chomh maith le doiciméid a cuireadh faoi bhráid ISWG-GHG 22 agus 23, á gcur san áireamh, de réir mar is infheidhme, tograí a mheas, lena n-áirítear iad siúd atá sna doiciméid dá dtagraítear thuas, maidir le conas aghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoi na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir leis an gCreat Glan-nialasachta, i gcomhréir le Straitéis GCT 2023 EMI agus tuairisciú do CCCM 85.

(8) Meastar go mbreithneoidh CCCM 85 tograí ó Pháirtithe GCT maidir le conas aghaidh a thabhairt ar ábhair imní faoi na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir leis an gCreat Glan-nialasachta, i gcomhréir le Straitéis GCT 2023 EMI, chun cóineasú a bhaint amach maidir le beart domhanda. Ina dhiaidh sin, atosófar CCCM/ES.2, faoi réir a dheimhnithe ag CCCM 85.

---

[2] Cinneadh (AE) 2026/1067 ón gComhairle an 27 Aibreán 2026 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) ag an 84ú seisiún a bheidh aige (IO L, 2026/1067, 12.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1067/oj).

(9) Go dtí seo, tá cúig shraith de dhréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL á mbreithniú ag Páirtithe EMI ag CCCM 85, eadhon, na leasuithe arna scaipeadh ag an Astráil, Ceanada, an Afraic Theas agus an Ríocht Aontaithe[3], an Bhrasaíl[4], an Libéir[5], Túvalú[6], agus na leasuithe bunaidh ar Chreat Glan-nialasachta EMI[7]. Leis na leasuithe a scaip an Astráil, Ceanada, an Afraic Theas agus an Ríocht Aontaithe, cuirtear leagan cothrom le dáta de Chreat Glan-nialasachta EMI i láthair, lena dtugtar na dátaí cur i bhfeidhm cothrom le dáta chun an mhoill bliana ar CCCM/ES.2 a chur san áireamh, lena n-áirítear athruithe eagarthóireachta agus soiléirithe a thug Rúnaíocht EMI isteach ina CCCM/ES.2/2, chomh maith le líon teoranta leasuithe soiléirithe eile a chur leis.

(10) Ag an am céanna, tá roinnt tograí eile á mbreithniú ag CCCM freisin lena n-áirítear dréachtleasuithe dlíthiúla nó tograí substainteacha, fiú mura scaipeann Ard-Rúnaí EMI go hoifigiúil iad. Meastar freisin go bhféadfaí tograí breise a chur chun cinn, bíodh dréacht-téacs dlíthiúil iontu nó ná bíodh, lena mbreithniú ag CCCM.

---

3 Ciorclán EMI Uimh. 5216 an 29 Bealtaine 2026 agus doiciméad EMI CCCM 85/3/8.
4 Ciorclán EMI Uimh. 5214 an 28 Bealtaine 2026 agus doiciméad EMI CCCM 85/3/6.
5 Ciorclán EMI Uimh. 5213 an 26 Bealtaine 2026 agus doiciméad EMI CCCM 85/3/5.
6 Ciorclán EMI Uimh. 5215 an 29 Bealtaine 2026 agus doiciméad EMI CCCM 85/3/7.
7 Ciorclán EMI Uimh. 5005 an 11 Aibreán 2025 agus doiciméad EMI CCCM/ES.2/2.

(11) In oirchill an phlé i measc Pháirtithe EMI a d'fhéadfadh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhréachtleasuithe MARPOL sula nglacfar go foirmiúil iad, is é is aidhm don Chinneadh seo treoirphrionsabail a leagan amach a mheasann an tAontas is gá a chomhlíonadh chun tacú leis na leasuithe críochnaitheacha ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL. Ba cheart do na treoirphrionsabail sin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag CCCM 85 agus CCCM/ES.2, agus ag ISWG-GHG 23, a mhúnlú, chun an chaibidlíocht laistigh de EMI agus, ar deireadh, glacadh téacs rialála a éascú.

(12) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn CCCM 85 agus CCCM/ES.2, agus le linn ISWG-GHG 23 a leagan síos chun go mbeidh an tAontas in ann páirt chinntitheach a ghlacadh sa phlé a mhúnlóidh na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL, agus tionchar cinntitheach a imirt ar an bplé sin, ar leasuithe iad a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla acu, má ghlacfar iad, do na Ballstáit is páirtithe i MARPOL. Tá na leasuithe sin in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais agus tagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

(13) Ba cheart do na Ballstáit gníomhú, thar ceann an Aontais, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras, le cuspóirí Straitéis GCT 2023 EMI agus le cuspóirí an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

(14) Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, tacú le dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL lena n-áireofar beart teicniúil agus beart eacnamaíoch araon. Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le téacs a fhormheas, a ghlacadh nó a chomhaontú maidir le bearta lár téarma laghdaithe gás ceaptha teasa (GCT) lena gceadaítear solúbthacht do longa a spriocanna laghdaithe GCT a chomhlíonadh, fad a áirithítear forfheidhmiú éifeachtach na roghanna solúbthachta uile, ar bhealach a choinníonn cothrom iomaíochta ar bun ar fud chabhlach an domhain agus a mbíonn mar thoradh air go mbaineann cabhlach an domhain glanastaíochtaí nialasacha GCT amach, ar an meán agus ar bhonn tobar-go-marbhshruth, faoi 2050 nó thart air.

(15) Ó cuireadh CCCM/ES.2 ar athló i mí Dheireadh Fómhair 2025, tá dul chun cinn déanta sa chaibidlíocht agus tá tograí nua curtha chun cinn, lena n-áirítear tograí ina bhfuil leasuithe dlíthiúla, agus tá siad fós á mbreithniú ag CCCM. Roimh ISWG-GHG 23 agus CCCM 85 agus roimh atosú CCCM/ES.2, níl an leibhéal tacaíochta is leithne is féidir ag aon téacs dlíthiúil ná togra faoi láthair. Dá bhrí sin, tá iarrachtaí breise á ndéanamh ag Páirtithe EMI chun na tograí arna gcur chun cinn cheana a chomhcheangal agus chun cóineasú a thuilleadh. Más rud é, d'ainneoin an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, go dtiocfaidh an chaibidlíocht le linn ISWG-GHG 23 agus CCCM 85 ar sháinn agus go bhfuil tairiscint chun vótáil a dhéanamh, ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais cur i gcoinne na tairisceana i gcomhair vótála. Sa chás go n-éiríonn leis an tairiscint vótáil a dhéanamh agus go n-iarrfar ar Pháirtithe EMI vótáil ar an gCreat Glan-nialasachta, leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCinneadh (AE) 2025/2093. Agus, dá réir sin, ba cheart feidhm a bheith ag an seasamh céanna maidir leis na leasuithe a leagtar amach in CCCM 85/3/8.

(16) Níl an tAontas ina bhall de EMI ná ina pháirtí conarthach i MARPOL. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle na Ballstáit a údarú le seasamh an Aontais a chur in iúl ag ISWG-GHG 23, CCCM 85 agus CCCM/ES.2.

(17) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú d'ábhar an phlé agus do na leasuithe beartaithe ag ISWG-GHG 23, CCCM 85 agus CCCM/ES.2, a mhéid atá ar cumas na leasuithe sin difear a dhéanamh do rialacha comhchoiteanna an Aontais agus a mhéid a thagann siad faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níor cheart don Chinneadh seo difear a dhéanamh do roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 85ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM 85) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (EMI) agus sa dara seisiún urghnách atosaithe den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM/ES.2), agus sa 23ú Meitheal Idirsheisiúnach um Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú (ISWG-GHG 23) roimhe sin, leagtar amach an seasamh sin in Airteagail 2, 3 agus 4 agus sna treoirphrionsabail a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Má tá breithniú á dhéanamh ag CCCM 85 nó CCCM/ES.2 ar mheascán de dhréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL maidir le hábhair gás ceaptha teasa EMI a fhormheas, a ghlacadh nó a chomhaontú, ar dréachtleasuithe iad a mheallann leibhéal níos airde tacaíochta ó na Páirtithe maidir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL ná aon cheann de na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL arna gcur chun cinn ag an Astráil, Ceanada, an Afraic Theas agus an Ríocht Aontaithe (doiciméad EMI CCCM 83/3/8), an Bhrasaíl (doiciméad EMI CCCM 83/3/6), an Libéir (doiciméad EMI CCCM 83/3/5), Tuvalu (doiciméad EMI CCCM 83/3/7), agus na leasuithe bunaidh mhí Dheireadh Fómhair 2025 ar Chreat Glan-nialasachta EMI, agus a chomhlíonann na treoirphrionsabail a leagtar amach san Iarscríbhinn, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tacú le formheas, glacadh nó comhaontú na leasuithe sin.

Airteagal 3

1. Má tá breithniú á dhéanamh ag CCCM 85 nó CCCM/ES.2 téacs a fhormheas, a ghlacadh nó a chomhaontú, lena n-áirítear leasuithe dlíthiúla, nach gcomhlíonann na treoirphrionsabail uile a leagtar amach san Iarscríbhinn, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gan tacú leis an téacs sin agus, ina ionad sin, a mholadh an plé a chur ar athló.

2. Má tá breithniú á dhéanamh ag CCCM 85 nó CCCM/ES.2 téacs a bhaineann le dearadh ghné theicniúil na mbeart lár téarma laghdaithe gás ceaptha teasa (GCT) a fhormheas, a ghlacadh nó a chomhaontú, gan téacs a bhaineann le dearadh na gné eacnamaíche a ionchorprú mar aon leis an ngné theicniúil, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gan tacú leis an téacs sin agus, ina ionad sin, a mholadh an plé a chur ar athló.

Airteagal 4

1. Má tá breithniú á dhéanamh ag CCCM 85 nó CCCM/ES.2 vótáil a dhéanamh ar cheann de na dréachtleasuithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL a scaipeadh faoi mhí an Mheithimh 2026 arna gcur chun cinn ag an Astráil, Ceanada, an Afraic Theas agus an Ríocht Aontaithe (doiciméad EMI CCCM 85/3/8), an Bhrasaíl (doiciméad EMI CCCM 85/3/6), an Libéir (doiciméad EMI CCCM 85/3/5), Túvalú (doiciméad EMI CCCM 85/3/7), nó ar na leasuithe bunaidh ó mhí Dheireadh Fómhair 2025 ar Chreat Glan-nialasachta EMI, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais cur in aghaidh an rúin vótáil a dhéanamh agus, ina ionad sin, a mholadh dul i mbun plé ar bhealach cuiditheach.

2. Ag aithint dó nach bhfuil tacaíocht atá leathan go leor ag na leasuithe MARPOL a scaipeadh dá dtagraítear i gCinneadh (AE) 2025/2093 ón gComhairle (Creat Glan-nialasachta EMI) agus na leasuithe MARPOL a scaipeadh a leagtar amach in CCCM 85/3/8 agus i gCiorclán EMI Uimh. 5216 an 29 Bealtaine 2026 , cuirfidh an tAontas in aghaidh an rúin vótáil a dhéanamh orthu, mura bhforbróidh seasaimh na bPáirtithe maidir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL ar bhealach ina meallann siad leibhéal níos fearr tacaíochta ag na Páirtithe maidir le hIarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL.

Má éiríonn leis an rún sin, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais:

(a) maidir le Creat Glan-nialasachta EMI, an seasamh a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2025/2093;

(b) maidir le leasuithe MARPOL a leagtar amach in CCCM 85/3/8, tacú leo.

Airteagal 5

Déanfaidh na Ballstáit atá ina gcomhaltaí de EMI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a leagtar amach in Airteagail 2, 3 agus 4 agus sna treoirphrionsabail a ghabhann leis an Iarscríbhinn a chur in iúl, agus beidh na seasaimh sin mar threoraíocht freisin don phlé idirsheisiúnach laistigh den Aontas roimh CCCM 85.

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar an seasamh sin gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán